RAA Ríomhaistriú Airgid EFT

Cuireann sé an-áthas ar Chomhar Creidmheasa Cholm Cille a fhógairt go mbeimid ag cur seirbhísí leictreonacha ar fáil dár mbaill anois. Ciallóidh sé seo go mbeidh uimhir cuntais faoi leith (IBAN) agus cód sórtála (BIC) ar fáil do gach ball gur mian leo é sin a bheith acu agus cuirfidh sé go mór leis na seirbhísí a bhéas tú in ann a fháil i do chomhar creidmheasa áitiúil. Is mar seo a leanas a fhorbrófar an tseirbhís:

CÉIM 1 BIC & IBAN DEIREADH AIBREÁIN 2015

- Íocaíochtaí EFT a fháil isteach i do chuntas, m.sh. íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh, íocaíochtaí ó Roinn na Gaeltachta, íocaíochtaí Pinsin ó Shasana, srl.
- Aistrithe airgead a dhéanamh isteach agus amach ó do chuntas trí aistriú leictreonach.
- Ordú seasta a shocrú suas le hairgead a íoc isteach i do chuntas ó chuntas bainc eile.
- Ordú seasta a shocrú le híocaíochtaí a dhéanamh amach as do chuntas go dtí cuntas eile bainc nó chuig scaireanna nó iasachtaí sa Chomhar Creidmheasa seo.

CÉIM 2 CÓRAS AR-LÍNE SAMHRADH 2015

Tá seirbhís nua idirlín á fhorbairt againn a thabharfaidh deis duit logáil isteach i do chuntas agus na nithe seo a leanas a dhéanamh ar-líne:

- Ordú seasta a shocrú ar an FlexiAccount.

- Ráiteas cuntais a fháil.
- Aistriú leictreonach a thionscnamh tú féin ar líne.
- Aistrithe airgead a dhéanamh in aghaidh iasachtaí nó ó chuntas go cuntas sa Chomhar Creidmheasa.

CÉIM 3 DOCHAR DÍREACH FÓMHAR 2015

Tabharfaidh an tseirbhís seo deis duit:

- Dochair díreach a shocrú ar do chuntas, áit a mbeidh tú in ann billí a íoc as do chuntas sa Chomhar Creidmheasa. Mar shampla, nuair atá an tseirbhís seo ann beidh tú in ann do mhorgáiste nó gnáth-bhillí eile a íoc as do chuntas sa Chomhar Creidmheasa.

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.
An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: (091) 593421 Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua

CÉIM 4 CÁRTA DOCHAR SAMHRADH 2016

- Ba chóir go mbeadh an Comhar Creidmheasa in ann cárta dochair a chur ar fáil dár mbaill faoin am seo. Le cárta dochair beidh tú in ann íocaíochtaí a dhéanamh i siopaí, ar an idirlíon nó aon áit eile le do chárta dochair.
- Tabhair faoi deara go mbeidh soláthar na gcártaí dochair ag brath ar chead a bheith faighte ón mBanc Ceannais.

Céard is gá dom a dhéanamh anois?

Más mian leat a bheith in ann teacht ar sheirbhísí leictreonacha ón gComhar Creidmheasa ba chóir duit na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil:

A Cruthúnas Aitheantais **(Ceann amháin díobh seo)**

- Pas Reatha suas chun dáta/ Cárta GNIP (do neamhnáisiúnaigh)
- Ceadúnas Tiomána reatha
- Foirm aitheantais ML10 eisithe ag an nGarda Síochána (le fáil ag Oifig an Gharda Síochána)

B Cruthúnas Seoladh **(Ceann amháin díobh seo)**

- Bille Teaghlaigh (m.sh. Bille Leictreachais/Bille Fón)

Táillí

Níl aon táille ar na seirbhísí seo faoi láthair, ach tá seans ann go mbeidh táille dá ghearradh orthu amach anseo.

Tuilleadh eolais le fáil ar nó ón oifig ag 593421